

Eleathanach 448

Dé Luain, an 6 Samhain 2023



Nua-Eabhrac

Bhí Taylor Swift, Gigi Hadid, Selena Gomez agus Sophie Turner amuigh i Nua-Eabhrac ag an deireadh seachtaine. Bhí siad amuigh i gcomhair dinnéir. Is dlúthchairde iad.

Tá na mná seo an-cháiliúil. Is amhránaí í Taylor Swift. Is aisteoir agus amhránaí í Selena Gomez. Is mainicín faisin í Gigi Hadid. Is aisteoir í Sophie Turner.

Seo í Taylor Swift.

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna a bhí ann ar an 31 Deireadh Fómhair. Bhí briseadh meántearma ag na scoileanna.


Bhí paráid mhór ar siúl ag Macnas i nGaillimh ar an 29 Deireadh Fómhair 2023.

Is comhlacht téatar sráide é Macnas. Tá grianghraif ar fáil ar an suíomh idirlín seo www.macnas.com.

Is oíche an-spráiuil í Oíche Shamhna agus bíonn go leor daoine gléasta suas. Tá súil ag an Eleathanach go raibh seachtain bhreá agaibh ar fad.



Seo grianghraf a ghlac an Eleathanach ag an bparáid i nGaillimh!



An Leabharlann Bheag Ag Am Luí

Is áis iontach iad na leabharlanna chun leabhair éagsúla a aimsiú agus a léamh. Tá go leor leabhar do pháistí sna leabharlanna. An bhfuil tú i do bhall de do leabharlann áitiúil?

Tá cead ag gach páiste faoi 4 bliana d'aois leabhar a choimeád ón leabharlann. Leabhar Béarla nó leabhar Gaeilge!

Cad é an leabhar is fearr leatsa? An leabhar is fearr leis an Eleathanach faoi láthair ná *Muireann agus an Teach Solais*. An bhfuil an leabhar seo léite agat?

